Cianfhoghlaim

Treoirlínte le haghaidh cumarsáide ar líne

1.	Níl cead riamh grianghrafanna nó taifeadtaí a thógáil d'fhísghlaonna.
2.	Tá sé de dhualgas ar an bhfoireann clanna agus daltaí iad féin a iomprú i gcaoi cuí, slán, ómósach agus cneasta agus iad ar líne.
3.	Tá sé de dhualgas ar na tuismitheoirí / caomhnóirí súil a choinneáil ar a bpáistí fad is atá siad ag obair ar líne agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil an obair atá siad ag seoladh chuig an múinteoir sásúil agus cuí.
4.	Úsáideann Gaelscoil Aonach Urmhumhan Aladdin nó an aip Seesaw chun dul i dteagmháil le tuismitheoirí.
5.	Úsáidfear aon fhoirm leictreonach le haghaidh cúrsaí oideachais agus chun dul i dteagmháil le tuismitheoirí
6.	Tá ríomhphost scoile ag gach múinteoir.
7.	Bainfidh an fhoireann agus na daltaí úsáid as uirlisí atá glactha ag an scoil agus ceadaithe ag tuismitheoirí (Seesaw, Zoom, Google Classroom, Microsoft Teams).
8.	Beidh cead tuismitheora ag teastáil sula n-oscalaítear profíl d'aon dalta ar fhóram cumarsáide.
9.	Le haghaidh físghlaonna nó glaonna Zoom tá cead tuismitheora intuigthe mar úsáidfear ríomhphost an tuismitheora/caomhnóra chun an glaoch a dhéanamh mar sin má logálann an páiste isteach ar an nglaoch, tá cead tugtha.
10.	Le haghaidh cúiseanna slándála tabharfar pasfhocail do chlanna le haghaidh suíomhanna gréasáin éagsúla nuair is gá.
11.	Ní féidir le Gaelscoil Aonach Urmhumhan glacadh le haon fhreagracht de shlándáil na n-ardán ar líne más rud é go bhfuil siad haiceáilte
12.	Tá GAU sásta ipadanna a thabhairt ar iasacht d'aon chlann nach bhfuil rochtain acu ar ríomhaire / taibléad sa bhaile.

Treoirlínte do thuismitheoirí agus caomhnóirí

1.	Tá sé de dhualgas ar na tuismitheoirí agus caomhnóirí súil a choinneáil ar a bpáistí fad is atá siad ag obair ar líne.
2.	Déan seiceáil ar obair a bpáistí sula seolann siad í chuig an múinteoir, ag cinntiú go bhfuil sí cuí.
3.	Téigh siar go rialta ar shábháilteacht ar líne lena bpáistí.
4.	Níl cead riamh pictiúr/ taifeadtaí a thógáil d'fhísghlaonna.
5.	Déan deimhin de go bhfuil an seoladh ríomhphost ceart tugtha agat don scoil ionas gur féidir le GAU cuireadh a thabhairt duit freastal ar chruinniú

	nó dul isteach ar aip nua.
6.	Déan deimhin de go bhfuil do pháiste gléasta i gceart do na cruinnithe.
7.	Bí ar d'airedeall gur féidir le gach duine thú a fheiceáil nó a chloisteáil ach amháin má tá an ceamara agus an fhuaim múchta.
8.	Nuair a chuireann tú glaoch rachaidh tú isteach sa seomra feithimh. Ligfidh ball foirne isteach thú má tá sé/ í in ann thú a aithint ó d'ainm ar do chuntas Zoom.
9.	Iarraimid oraibh chun an glaoch a chur 5 nóiméad roimh an sprioc am chun seans a thabhairt don scoil do ríomhphost a dheimhniú
10.	Bí cinnte go bhfuil a fhios ag do pháiste conas an bogábhar a úsáid i gceart. Taispeáin na cnaipí éagsúla do do pháistí roimhré m.sh. an ceamara agus an fhuaim srl.
11.	Roghnaigh cúlra cuí don fhísghlaoch.
12.	Le haghaidh eolais cuimsitheach ar GDPR agus Zoom, téigh ar cuairt chuig https://zoom.us/privacy
13.	Má fhaigheann tú ipad ar iasacht, iarraimid ort chun é a thabhairt ar ais sa choinníoll ina bhfuair tú é.

Treoirlínte do bhaill foirne ag úsáid modhanna cumarsáide ar line

1.	Ar aon chúinse, a bhfuil cead grianghrafanna nó taifeadtaí d'fhísghlaonna a thógáil.
2.	Rachaidh na baill foirne i dteagmháil le daltaí agus clanna i rith na n-uaireanta 8:50 rn – 3:00i.n oiread is féidir.
3.	Beidh na baill foirne ag súil le dea- iompar ó na daltaí nuair a bhíonn siad ar aon ardán cumarsáide ar líne.
4.	Rachaidh na baill foirne i dtaithí ar na haipanna sula n-úsáideann siad iad leis na daltaí
5.	Déanfaidh na baill foirne seiceáil go bhfuil cead ag na daltaí úsáid a bhaint as aipeanna sula gcuireann siad proifúl i mbun dóibh.
6.	Cuirfidh na baill foirne in iúl don bhainistíocht foirne má tá siad buartha faoi droch-iompar ar líne.
7.	Seolfaidh na baill foirne CA chruinniú nua agus pasfhocal nua do gach cruinniú Zoom a eagraítear.
8.	Seolfaidh na baill foirne ríomhphost chuig tuismitheoirí / caomhnóirí le sonraí an chruinniú roimhré (dáta, am agus pasfhocal).

Rialacha do dhaltaí ag úsáid modhanna cumarsáide ar line

1.	Seol obair agus pictiúir chuí. Iarr ar dhuine fásta chun féachaint ar do chuid oibre sula gcuireann tú í.
2.	Ná déan dearmad ar rialacha na scoile – tá siad fós i bhfeidhm ar líne.
3.	Roghnaigh áit chiúin le cúlra gan aon ábhair sheachrain air.
4.	Roghnaigh áit chiúin le cúlra gan aon ábhair sheachrain air.
5.	Cuir suas do lámh sula labhraíonn tú.
6.	Má fhaigheann tú deis chun labhairt labhair i do ghnáthghuth, ag úsáid focail chairdiúla is chneasta.
7.	Chun meas a léiriú, éist leis an duine atá ag caint.
8.	Déan deimhin de go bhfuil tú gléasta i gceart.
9.	Bí in am!
10.	Bain taitneamh as! Ná déan dearmad chun halo a rá nuair a ligtear isteach thú.